



## Foirm D - Droichead 2020/2021- BUNSCOIL

Ba cheart an fhoirm seo a bheith á seoladh chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ag múinteoirí:

- (a) a thosaigh agus a chríochnaigh an próiseas *Droichead* sa bhliain acadúil **2020/2021**, i dtimpeallacht incháilithe ar feadh thréimhse 60 lá ar a laghad
- (b) a bhí ag plé ar bhonn gairmiúil leis na gníomhaíochtaí ionduchtúcháin scoilbhunaithe, Cnuaschruinnithe agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise le linn phróiseas *Droichead*
- (c) a chuir tús le *Droichead* in 2019/2020 ach nár chríochnaigh é, agus a bhfuil riachtanais ama/míreanna atá fágtha á gcur i gcrích acu sa bhliain acadúil 2020/2021. Féach Cuid 8.

### CUID 1 - SONRAÍ PEARSANTA

Teideal:

Ainm:

Sloinne:

Cláruimhir:

Uimh. Fón Póca:

Seoladh:

Ríomhphost:

*\*Caithfidh an seoladh poist, an uimhir theileafóin agus an seoladh ríomhphoist thuas a bheith ag teacht le do chuid sonraí ar Chlár na Múinteoirí. Má tá éagsúlachtaí iontu cuirfear moill ar d'fhoirm a phróiseáil.*

### CUID 2a - SONRAÍ DO SCOILE

Ainm Oifigiúil na Scoile:

Uimhir Rolla na Scoile:

Seoladh na Scoile:

An FTG(anna) Seachtrach(a) a bhí agat agus tú ag plé le *Droichead*?  IS EA  NÍ HEA

NÓ, an FTG idirscoile a bhí agat?  IS EA  NÍ HEA

Sa chás sin, tabhair na sonraí i gCuid 2b, thall

## **CUID 2b** - SONRAÍ NA SCOILE – Más FTG Seachtrach nó Idir scoile a bhí agat

---

Ainm Oifigiúil na Scoile:

Uimhir Rolla na Scoile:

## **CUID 3** - D'AMLÍNE *DROICHEAD* AGUS DO CHUID SONRAÍ FOSTAÍOCHTA

---

An dáta a thosaigh an fhostaíocht:

An dáta a thosaigh an próiseas *Droichead*: (Féach **Nóta 1**)

An dáta a chríochnaigh an próiseas *Droichead*: (Féach **Nóta 2**)

An líon iomlán laethanta múinteoireachta as a chéile a rinne tú sa scoil seo **le linn do phróiseas** *Droichead*: (Féach **Nóta 3**)

Roghnaigh timpeallacht amháin le do thoil ina raibh do phróiseas *Droichead* ar siúl: (Féach **Nóta 4**)

- Múinteoir ranga príomhshrutha
- Múinteoir i Scoil Oideachais Speisialta
- Múinteoir Oideachais Speisialta Lánaimseartha in iar-bhunscoil aitheanta (Féach **Nóta 5**)
- Múinteoir Bunoideachais Páirtaimseartha (bliain acadúil iomlán)
- Múinteoir Bunoideachais ag Postroinnt (bliain acadúil iomlán)

## CUID 4 - IONDUCHTÚCHÁN SCOILBHUNAITHE (SNÁITHE A)

**Ticeáil (✓) na boscaí thíos mar is cuí le do thoil:**

Bhí mé ag plé le hionduchtúchán scoilbhunaithe ar bhonn gairmiúil ar feadh thréimhse 60 lá ar a laghad

## CUID 5 - CNUASCHRUINNITHE (SNÁITHE B)

D'fhreastail mé ar Chnuaschruinniú amháin sa téarma faoin gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM/NIPT)

**Nóta Tábhachtach:** Caithfidh Múinteoir nuacháilithe (MNC) freastal ar chnuaschruinniú amháin (a bhaineann go sonrach lena (h)earnáil) **sa téarma** in ord seicheamhach fad a mhaireann a p(h)róiseas *Droichead*. Má chailleann tú cnuaschruinniú ar chúis ar bith, beidh ort é a dhéanamh ar dháta níos faide anonn, agus doiciméid bhreise faoi a chur isteach. Féach, suíomh gréasáin CNIM/NIPT [www.teacherinduction.ie](http://www.teacherinduction.ie), le do thoil, le haghaidh eolas breise (Féach **Nótaí 6 & 7**)

Tabhair uimhir an chnuaschruinnithe anseo:

Dáta an chnuaschruinnithe:

Láthair:

**Stampa an Ionaí Oideachais (nó a choibhéis):**

DD I gcás cruinniú MM ar líne BBBB cuir an Deimhniú Déantachta leis an bhfoirm seo le do thoil:

CUIR STAMPA OIFIGIÚIL AN IONAI  
OIDEACHAIS (NÓ A CHOIBHÉIS) SA  
BHOSCA SEO LE DO THOIL

Tabhair uimhir an chnuaschruinnithe anseo:

Dáta an chnuaschruinnithe:

Láthair:

**Stampa an Ionaí Oideachais (nó a choibhéis):**

DD I gcás cruinniú MM ar líne BBBB cuir an Deimhniú Déantachta leis an bhfoirm seo le do thoil:

CUIR STAMPA OIFIGIÚIL AN IONAI  
OIDEACHAIS (NÓ A CHOIBHÉIS) SA  
BHOSCA SEO LE DO THOIL

Tabhair uimhir an chnuaschruinnithe anseo:

Dáta an chnuaschruinnithe:

Láthair:

**Stampa an Ionaí Oideachais (nó a choibhéis):**

DD I gcás cruinniú MM ar líne BBBB cuir an Deimhniú Déantachta leis an bhfoirm seo le do thoil:

CUIR STAMPA OIFIGIÚIL AN IONAI  
OIDEACHAIS (NÓ A CHOIBHÉIS) SA  
BHOSCA SEO LE DO THOIL

Rinne mé an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin ar fad cheana (20 uair an chloig) agus ní gá dom ach Cnuaschruinniú 1 a dhéanamh (féach **Nóta 8**)

## CUID 6 - GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOGHLAMA GAIRMIÚLA (SNÁITHE B)

Rinne mé Gníomhaíocht Foghlama Ghairmiúil amháin eile ar a laghad, a bhí ábhartha do mo riachtanais féin **mar a sainithníodh i gcomhairle le mo FTG.**

An Gníomhaíocht Foghlama Ghairmiúil a bhí idir lámha agam:

An Dáta/Na Dátaí a raibh na gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla ar siúl:

Tréimhse na gníomhaíochta:

**NÓ**

Ós rud é go ndearna mé an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin ar fad cheana (20 uair an chloig) níl gá le Gníomhaíocht Foghlama Ghairmiúil amháin eile (féach **Nóta 8**)

## CUID 7 - CLEACHTADH MACHNAMHACH

---

**Ticeáil (✓) na boscaí thíos mar is cuí le do thoil:**

Bhí mé rannpháirteach i gcleachtadh machnamhach a thacaigh le m'fhoghlaim ghairmiúil agus le mo chleachtadh gairmiúil, mar dhuine aonair agus ar bhonn comhoibríoch, araon

Creidim go bhfuil mé réidh chun bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile de m'fhoghlaim ghairmiúil, agus i gcomhar le mo FTG roghnaíomar na réimsí spéise seo a leanas do m'fhoghlaim ghairmiúil:

**Tabhair réimse/réimsí anseo:**

## CUID 8 - Bearta Eatramhacha Covid Grúpa 3 2019/2020

---

**Ticeáil (✓) na boscaí mar is cuí le do thoil:**

Thosaigh mé *Droichead* in 2019/2020 ach ag éirí as dálaí a bhain le Covid-19 níor éirigh liom an próiseas a chríochnú.

Phléigh mé go hiomlán leis an bpróiseas *Droichead*, agus tá na gnéithe ama/gnéithe eile a bhí fágtha ó 2019/2020 curtha i gcrích agam, mar atá sa liosta thíos.

**Liostaigh an t-am/na gnéithe a bhí fós le déanamh:**

## CUID 9

### DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH UAIT FÉIN AGUS ÓN FTG A BHÍ AG PLÉ LE DO PHRÓISEAS DROICHEAD

Cinntigh le do thoil go ndéanfaidh tú féin agus **\*\*beirt bhall lánoilte** ar a laghad den Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG) a bhí rannpháirteach i do phróiseas *Droichead* an dearbhú comhpháirteach a shíniú (Féach Nóta 9).

**\*\*Don bhliain acadúil seo 2020/2021, ar bhonn eisceachtúil, tá solúbthacht bhreise ann maidir le tacaíocht don phróiseas *Droichead*, do mhúinteoirí agus scoileanna /baill FTG araon. Más rud é nach bhfuil ach ball lánoilte amháin den FTG ar fáil, caithfidh do Phríomhoide an fhoirm a chomhshíniú. Má tá ceisteanna agat, seiceáil Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.**

Tá ár machnamh déanta againn, agus creidimid maidir leis an eolas a tugadh thuas i gCodanna 3, 4, 5, 6, 7 agus 8 (más infheidhme), go bhfuil sé cruinn. Creidimid, trínár rannpháirtíocht in *Droichead*, go rabhamar páirteach i bpróiseas múinteoireachta agus foghlama den scoth. Iarraimid ar an gComhairle Múinteoireachta an méid sin a léiriú ar an gClár.

*\*Caithfidh gach ball den FTG a bhí ag plé leis an bpróiseas an fhoirm seo a shíniú.*

Ról (e.g. Ball den FTG) Ball de FTG seachtrach, MNC)	Ainm(neacha) (priontáil) CEANNLITREACHA	Síniú/Sínithe	An Chomhairle Mhúinteoireachta Cláruimhir	Dáta Críochnaithe Phróiseas <i>Droichead</i> MNC  (Ní ceart don FTG síniú go dtí go mbeidh snáitheanna <i>Droichead</i> ar fad curtha i gcrích)
<b>Ainm na Scoile</b>		<b>Stampa Oifigiúil na Scoile</b>		
<b>Uimhir Rolla</b>		CUIR STAMPA OIFIGIÚIL NA SCOILE ANSEO LE DO THOIL		

Dearbhaím, maidir leis an eolas ar fad atá tugtha agam i ngach cuid den fhoirm seo, go bhfuil sé fíor agus beacht

Síniú an MNC:

Dáta:

## **CUID 9 - SEICLIOSTA**

Caithfidh iarratasóirí gach cuid den Fhoirm D seo a líonadh. Is é sin, caithfear eolas a thabhairt i ngach réimse ábhartha, caithfear na ticbhoscaí **uile** a thiceáil agus síniú, dáta agus stampáil a chur sna codanna ábhartha.

Ní fhéadfar foirmeacha neamhiomlána a phróiseáil, agus cuirfear ar ais iad lena gcomhlánú / lena gceartú. Ní bheidh an Chomhairle Mhúinteoireachta in ann cinneadh a dhéanamh faoin gcoinníoll *Droichead* a bhaint agus do stádas clárúcháin a nuashonrú go dtí go bhfaighfear bunfhoirm uait agus í líonta isteach go hiomlán. Is féidir foirmeacha a sheoladh sa ríomhphost, ach caithfidh gur bun-síniú a scantar, ní ghlacfar le fótachóipeanna.

### **Cuid 1 agus Codanna 2a agus b – Sonraí Pearsanta agus Sonraí na Scoile**

**Ticeáil (✓)**

1. Tá mo shonraí pearsanta agus sonraí na scoile ar fad tugtha agam, lena n-áirítear ainm na scoile, uimhir rolla na scoile agus seoladh poist na scoile inar chuir mé mo phróiseas *Droichead* i gcrích.  TÁ
2. Bhí mé ag plé le *Droichead* trí FTG Seachtrach nó Idirscoile agus tá sonraí uile na scoile(anna) tugtha agam.  TÁ

### **Cuid 3 – d’Amlíne *Droichead* agus Sonraí d’Fhostaíochta**

1. Tá an dáta a thosaigh m’fhostaíocht tugtha agam.  TÁ
2. Tá na dátaí a thosaigh agus a chríochnaigh mo phróiseas *Droichead* tugtha agam.  TÁ
3. Tá an líon iomlán laethanta múinteoireachta as a chéile a rinne mé sa scoil le linn mo phróisis *Droichead* tugtha agam.  TÁ
4. Tá mé tar éis a chinntiú gur roghnaigh mé an timpeallacht ina raibh *Droichead* ar siúl.  TÁ

### **Cuid 4 - Ionduchtúchán Scoilbhunaithe (Snáithe A)**

1. Tá an bosca ticeáilte agam lena chur in iúl gur phléigh mé ar bhonn gairmiúil le hionduchtúchán scoilbhunaithe ar feadh thréimhse 60 lá ar a laghad.  TÁ

### **Cuid 5 – Cnuaschruinnithe (Snáithe B)**

1. Tá mé tar éis a chinntiú go bhfuair mé an fhoirm seo stampáilte (nó a choibhéis) san ionad Oideachais ina raibh mé ag freastal ar Chnuaschruinnithe. Más ar líne a rinne mé an chuid sin, tá mé tar éis a chinntiú gur chuir mé an Deimhniú Déantachta leis.  TÁ
2. Tá an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin ar fad déanta agam cheana (20 uair an chloig) ionas nach bhfuil le déanamh agam ach Cnuaschruinniú 1.  TÁ

### **CUID 6 – Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla (Snáithe B)**

1. Tá mé tar éis a chur in iúl gur phléigh mé le gníomhaíocht foghlama ghairmiúil amháin eile, ar a laghad, agus tá na sonraí tugtha agam, lena n-áirítear teideal na gníomhaíochta, an tréimhse a mhair sí agus dáta na gníomhaíochta.  TÁ

### **Cuid 7– Cleachtadh Machnamhach**

1. Tá mé tar éis a chur in iúl gur phléigh mé le cleachtadh machnamhach agus go bhfuil mé réidh chun bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den fhoghlaim ghairmiúil.  TÁ
2. Tá réimse/réimsí spéise aitheanta agam do m’fhoghlaim ghairmiúil amach anseo.  TÁ

### **Cuid 8 – Bearta Eatramhacha Covid Grúpa 3 2019/2020**

1. Tá mé tar éis a chur in iúl gur chríochnaigh mé na míreanna ama/eile de mo phróiseas *Droichead* 2019/2020 a bhí fós gan déanamh (Grúpa 3).  TÁ

### **Cuid 9 – Dearbhú Comhpháirteach Uait Féin agus ón FTG a bhí ag plé le do Phróiseas *Droichead***

1. Tá mé tar éis a chinntiú, maidir le baill uile an FTG a bhí ag plé le mo phróiseas *Droichead*, gur thug siad na sonraí ábhartha ar fad den dearbhú comhpháirteach, lena n-áirítear a síniú, a gclárúimhir leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus an dáta a chríochnaigh an próiseas *Droichead*.  TÁ
2. Tá mé tar éis a chinntiú gur cuireadh isteach ainm na scoile, uimhir rolla na scoile agus stampa oifigiúil na scoile.  TÁ
3. Tá mé tar éis an dearbhú comhpháirteach a shíniú agus a dhátú i ndiaidh Snáithe A agus Snáithe B a bheith curtha i gcrích.  TÁ

## **Treoirnótaí: Léigh na nótaí seo sula líonann tú an fhoirm seo**

- Nóta 1:** Ní féidir tosú ar do phróiseas *Droichead* go dtí go mbeidh ríomhphost faighte agat ón gComhairle Mhúinteoireachta á dheimhniú go bhfuil cead agat tús a chur leis, agus go dtí an an lá i ndiaidh don Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG) dhá lá oiliúna FTG a dhéanamh – cibé dáta is déanaí.
- Nóta 2:** Ní fhéadfar do phróiseas *Droichead* a chur i gcrích go dtí go mbeidh a gceithre lá d'oiliúint FTG curtha i gcrích ag an FTG agus 60 lá ar a laghad d'ionduchtúchán scoilbhunaithe déanta agat féin (Snáithe A) agus go dtí go mbeidh an riachtanas Cnuaschruinnithe agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise curtha i gcrích agat (Snáithe B).
- Nóta 3:** Ba cheart gurb í an tréimhse ó thús go deireadh do phróisis *Droichead* a bheadh á clúdach sa líon iomlán laethanta as a chéile múinteoireachta, seachas iomlán do thréimhse fostaíochta.
- Nóta 4:** Féach Cuid 2 de Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Nósanna imeachta agus Critéir 2020/2021 ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta le haghaidh sonraí breise faoi thimpeallachtaí.
- Nóta 5:** Ar na poist a bhaineann leis an Múinteoireacht Oideachas Speisialta (SET) tá múinteoireacht acmhainne, tacaíocht foghlama, tacaíocht urlabhra agus teanga agus tacaíocht don Bhéarla, nó aon teaghlaim lánaimseartha de na poist sin.
- Nóta 6:** Caithfear freastal ar Chnuaschruinnithe san amscála a chuirtear in iúl san Iarratas. Aon fhreastal ar Chnuaschruinnithe a dhéantar sula ndéantar iarratas ar an bpróiseas *Droichead*, **ní chuirfear san áireamh é.**
- Nóta 7:** I gcás ina dteipeann ar mhúinteoir freastal ar Chnuaschruinniú sa téarma ábhartha, caithfear é sin a chur ina cheart sula ndéantar an fhoirm seo a shíniú agus a chur isteach. Féach suíomh gréasáin an NIPT **[www.teacherinduction.ie](http://www.teacherinduction.ie)** don eolas ar fad, Foirm Iarchuir Cnuaschruinnithe san áireamh.
- Nóta 8:** Moltar do gach múinteoir súil a chaitheamh ar na Socruithe Idirthréimhseacha 2020/2021 ar shuíomh gréasáin na Comhairle chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoi aon díolúintí ábhartha, go háirithe i gcomhthéacs Cnuaschruinnithe agus Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla.
- Nóta 9:** Caithfidh baill uile FTG clárú iomlán a bheith acu leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Féadfar an fhoirm seo a sheoladh sa ríomhphost chuig: **[formd@teachingcouncil.ie](mailto:formd@teachingcouncil.ie)** nó an bhunfhoirm\* a sheoladh sa ghnáthphost chuig an seoladh thíos:

**An Chomhairle Mhúinteoireachta,  
Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,  
Maigh Nuad,  
Co. Chill Dara, W23 Y7XO,  
Éire.**

\*Molaimid cóip den fhoirm a choinneáil le haghaidh do thaifead féin.